

ELeathanach262

Dé Luain 8 Bealtaine 2017

Uachtarán nua ag an bhFrainc

Tá Uachtarán nua ag na bhFrainc. Bhí an bua ag Emmanuel Macron sa toghchán. D'éirigh leis timpeall 66% de na vótaí a fháil. Tá Emmanuel Macron 39 bliain d'aois. Bhí díomá ar Marine Le Pen. Ní bhfuair sí ach timpeall 34% de na vótaí.

Níor chaith trian de mhuintir na Fraince vóta. Bhí díomá orthu leis an bpolaitíocht. Beidh Macron ina Uachtarán ar feadh cúig bliana. Tá go leor oibre le déanamh ag Macron anois. Bogfaidh Macron agus a bhean chéile isteach sa Phálás Elysee.

Sheol Donald Trump teachtaireacht chuig Macron. Dúirt sé leis go bhfuil sé ag súil leis an obair a dhéanfaidh siad le chéile amach anseo.



MTV Movie & TV Awards

Bhailigh a lán aisteoirí le chéile Dé Domhnaigh in Los Angeles. Bhí se ag cur báistí go trom! Bhuaigh *Beauty and the Beast* an gradam don scannán is fearr. Bhuaigh *Stranger Things* an gradam don chlár is fearr.

Ní raibh ach catagóir amháin don aisteoir is fearr seachas ceann do na fir agus ceann eile do na mná. Mheas Piers Morgan gur ócáid an-stairiúil í. Ní bheidh ach catagóir amháin ann as seo amach don aisteoir is fearr. Labhair Emma Watson nuair a bhailigh sí an duais don aisteoir is fearr. Ghlac Emma páirt Belle sa scannán *Beauty and the Beast*. Dúirt sí go raibh an-áthas urithi nach raibh catagóir faoi leith ann do na fir agus na mná. Bhí sí ina haisteoir sna scannáin Harry Potter freisin.

Bhí Paris Jackson, Cara Delevigne agus Noah Cyrus i láthair freisin. Bhí an-am ag gach duine.



Britain's Got Talent

Tá daoine míshásta leis an gclár *Britain's Got Talent*. Is grúpa profaisiúnta é *Angara Contortion* ach níor thuig aon duine é sin. Bhí siad ag obair le *Cirque de Soleil*.

Tá ceathrar sa ghrúpa. Is as an Rúis iad. Bayarma, Imin, Ayagma agus Serchmaa is ainm dóibh. Bhí siad ar an gclár Dé Domhnaigh agus mheas na moltóirí go raibh siad ar fheabhas ar fad. Mheas an lucht féachana go raibh siad thar cionn freisin.

Dúirt an grúpa go bhfuil siad ina gcónaí sa Rúis ach d'inis siad bréag. Tá siad ina gcónaí i Meiriceá. Bhí siad ar an gclár *The Late Late Show* le James Corden freisin. An dtiocfaidh siad ar ais ar an gclár nó an rachaidh siad ar ais go Meiriceá?

